

# ELeathanach 463

Dé Luain, an 8 Aibreán 2024



## Éiclips na Gréine

Inniu, an 8 Aibreán 2024, beidh éiclips na gréine ann. Nuair a bhíonn an ghealach idir an Domhan agus an ghrian, glaonn muid éiclips na gréine air seo. Is féidir an focal "urú" a úsáid freisin.

I Meiriceá, beidh lánéiclips le feiceáil. Clúdóidh an ghealach an ghrian iomlán. Tá an ghrian na mílte uair níos mó ná an ghealach, ach tá fad an-mhór idir í agus an ghealach, agus dá bhrí sin, tá cuma níos lú ar an ngrian. Mairfidh an t-éiclips cúpla nóiméad, ach clúdóidh an ghealach codanna den ghrian roimhe sin agus ina dhiaidh.

Anseo in Éirinn, is cosúil go mbeidh páirtéiclips le feiceáil. Clúdóidh an ghealach 55% den ghrian ag timpeall 7.55 tráthnóna inniu. Beidh seo le feiceáil níos soiléire in iarthar na tíre, ach ar ndóigh, braitheann sé seo ar na scamaill sa spéir.

## Peil na mBan: Sraith *Lidl* sa Pheil

Bhí na cluichí ceannais i Sraith na mBan ar siúl inné i bPáirc an Chrócaigh. Ar dtús bhí an cluiche ceannais i Roinn a dó, Cill Dara i gcoinne Thír Eoghain.

Fuair Cill Dara dhá chúl sa chéad leath, agus bhí ceithre phointe idir na foirne ag leath-am. Lean na pointí do Chill Dara agus bhí an bua acu. Is é seo an chéad uair a bhuaigh siad Roinn a dó den tsraith ó 2004!

Ansin bhí an cluiche ceannais idir Ard Mhacha agus Ciarraí. Ag leath-am, bhí an dá fhoireann ar comhscór. Go luath sa dara leath, fuair Ciarraí cúl nuair a chuaigh pas ó chúlaithe Ard Mhacha ar strae.

Ach spreag sé seo na mná ó Ard Mhacha agus fuair siad ceithre phointe as a chéile agus cúl chomh maith. Bhí an bua ag Ard Mhacha. Is é seo an chéad uair a bhuaigh siad Roinn a haon den tsraith riamh.

Cill Dara
KILDARE LADIES GAELIC

ARD MHACHA



## Na céadta cangarú ag an gcúrsa gailf!

In Victoria, san Astráil, an tseachtain seo caite, bhí radharc spéisiúil ag na himreoirí. Agus iad ag imirt ar an gceathrú poll, tháinig grúpa mór cangarúnna ag léim tríd an gcúrsa. Bhí na céadta acu ann!

Ní dhearna siad aon damáiste don chúrsa cé go raibh lorg a gcoise sa ghaineamh sna buncair.